RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/516 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 ón gComhairle maidir le speicis choimhthíocha agus speicis nach bhfaightear go háitiúil a úsáid sa dobharshaothrú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 ón gComhairle ([1]) an 11 Meitheamh 2007 maidir le speicis choimhthíocha agus speicis nach bhfaightear go háitiúil a úsáid sa dobharshaothrú, agus go háirithe Airteagal 24(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007, bunaítear creat lena rialaítear cleachtais sa dobharshaothrú maidir le speicis choimhthíocha agus speicis nach bhfaightear go háitiúil chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na speicis sin agus ag speicis ghaolmhara nach spriocspeicis iad ar ghnáthóga uiscí agus chun an tionchar sin a laghdú oiread agus is féidir.

(2) Liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 speicis a úsáideadh go coitianta sa dobharshaothrú ar feadh i bhfad i gcodanna áirithe den Aontas, agus a fhaigheann tairbhe cóireála difreálaí, dá bhrí sin, rud a éascaíonn iad a fhorbairt gan aon ualach riaracháin breise, mar a fhoráiltear in Airteagal 2(5) den Rialachán sin.

(3) Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún speicis a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 i gcomhréir le hAirteagal 24(4) de Rialachán (CE) Uimh. 708/2007. I Rialachán (CE) Uimh. 535/2008 ón gCoimisiún, sonraítear rialacha mionsonraithe maidir leis na coinníollacha is gá chun speicis a chur le hIarscríbhinn IV ([2]).

(4) D'iarr an Ghréig go gcuirfí speiceas an deargáin, ar a dtugtar an garbhánach pargach Seapánach (*Pagrus major*) freisin le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007, de bhun rialacha mionsonraithe Rialachán (CE) Uimh. 535/2008, agus go háirithe Airteagal 3 de. Cinneadh i staidéar arna chur isteach in éineacht leis an iarraidh go bhfuiltear ag saothrú an speicis sin sa dobharshaothrú Gréagach le tamall fada gan aon éifeacht dhíobhálach. Tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarraidh sin, chinn an Coimisiún go bhfuil bonn cirt leis an iarraidh agus gur tugadh bunús di leis an bhfaisnéis ar fad a bhí ag teastáil.

(5) Tugann an leasú ar Iarscríbhinn IV, tar éis na hiarrata ón nGréig, deis chun an téarmaíocht atá in úsáid san Iarscríbhinn a choigeartú. Mílitríodh ainm Laidine an bhradáin fearna Rúisigh (*Acipenser gueldenstaedtii*) agus tá ainm ceart le cur ina ionad. Is tráthúil freisin nuashonrú a dhéanamh ar ainm Laidine an charbáin cheannmhóir ó *Aristichthys nobilis* go *Hypophthalmichthys nobilis*.

(6) Ar mhaithe le soiléireacht, mínítear i bhfonóta a cuireadh le hIarscríbhinn IV nach chun tairbhe go huathoibríoch do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hibridí speiceas a liostaítear san Iarscríbhinn seo an chóireáil dhifreálach a dhéantar i leith na speiceas a liostaítear. D'fhonn tairbhe a bhaint as an gcóireáil sin, ní mór an nós imeachta maidir le speicis a chur leis an iarscríbhinn a leanúint.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear mar a leanas Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007:

(1) I gCUID A – Ginearálta, cuirtear an speiceas seo a leanas leis: *Pagrus major*, an deargán, ar a dtugtar an garbhánach pargach Seapánach freisin.

([1]) IO L 168, 28.6.2007, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 535/2008 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 ón gComhairle maidir le speicis choimhthíocha agus speicis nach bhfaightear go háitiúil a úsáid sa dobharshaothrú (IO L 156, 14.6.2008, lch. 6).

(2) Cuirtear *Acipenser gueldenstaedtii* in ionad ainm Laidine an speicis *Acipenser gueldenstaeti*.

(3) Cuirtear *Hypophthalmichthys nobilis* in ionad ainm Laidine an speicis *Aristichthys nobilis*.

(4) Cuirtear fonóta leis an teideal in Iarscríbhinn IV agus an téacs seo a leanas ann: "Níor cheart a mheas gur cuid den liosta sin iad hibridí speiceas atá ar áireamh san Iarscríbhinn seo."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN